

Obair dheonach i Sri Lanka

Mí na Samhna 2007 chuaigh Rosaleen Ní Shúilleabháin as Inbhear, Rosmuc go Sri Lanka le tréimse a chaitheamh ag obair go deonach i measc an phobail an sin.

Ar an 23 Samhain 2007, d'fhág mé an fuacht agus an bháisteach agus thug mé m'aghaidh ar an oileán beag ghriannmhar, Sri Lanka. Ní ar saoire a bhí mé ag dul ach chun obair dheonach a dhéanamh. Bhí sé socraithe agam roimhré dul chuig an *"Arklow Ireland Children's Homes"*. Chaith mé an chéad tseachtain ag tabhairt cuairt ar na scéimeanna eile atá ar siúl ag an gcumann seo. Tá obair iontach déanta acu ann. Thosaigh siad ag bailiú airgid tar éis an Tsunami, ach tá na hionaid ar fad oscailte d'aon duine atá faoi míbhuntáiste. Tá tithe breá tógtha agus tá a ndóthain airgid cruinnithe acu chun iad a rith ar feadh fiche bliain.

Cuireadh fáilte mhór croíúil romham ag teach na mbuachaillí, áit a chaith mé trí seachtainí. Bhí mo lá roinnte suas le ranganna Béarla, Ealaín agus imirt *"cricket"*. Rinne muid margadh ag an tús, mhúin mise béarla dóibh agus mhúin siadsan *cricket* domsa. Ba margadh iontach a bhí ann an fhad is a bhí muid le chéile, mar anois agus mé ar ais sa mbaile ní bhíonn mé ag imirt *cricket* agus ní cheapaim go bhfuil mórán Béarla dhá labhairt acusan ach oiread.

Níl mórán dífríocht idir muid féin agus muintir Sri Lanka. Is Caitlicí atá ag rith na dtithe ina raibh mise agus tá creideamh an-láidir acu. Cheapainn go bhfuil sé mar a bhí cúrsaí creideamh sa tír seo sna seachtoidí. Rud eile a thug mé faoi deara ná an chócaireacht, tá na comhábhair ar fad úr agus tagann go leor dhó amach díreach as an ngarraí. Cúpla lá roimh na Nollag chuaigh mé síos ó dheas chuig teach na gcailíní, áit ar chaith mé an Nollaig agus suas le trí seachtainí. Ní raibh fanta ach cúpla cailín, bhí an chuid eile imithe abhaile. Bhí Béarla mhaith ag na cailíní agus mar sin chaith mé an chuid is mó den am ag déanamh



ealaín leo. Chaith mé go leor ama sa chistin freisin ag cócaireacht agus thaispeáin mé dóibh le pizza a dhéanamh. Rud a thóg chúig huair a chloig mar gur ar thine oscailte a bhí muid ag cócaireacht, ach chuir siad an-spéis ann go mór mór an bealach ar ardaigh an taos. Tír álainn í Srí Lanka agus tá teach na gcailíní in aice an chósta. Chuir mé aithne ar fhear a raibh *"tuk tuk"*, carr beag le trí rotha aige agus *"surf boards"* agus gach maidin théadh muid ag surfáil. Leis seo bhí an dá shaol agam. Thug mé na cailíní ag an trá cúpla uair agus thaispeáin mé dóibh le surfáil, bhí an-chraic againn. Tá tionhcar an Tsunami fós le feiceál ach tá an saol ag bogadh ar aghaidh.

Tá ath-thógáil déanta agus tá scéimeanna faoi leith ag tíortha éagsúla ar nós Éirinn, an Iodáil agus an tSeapáinn. Tá cogadh ar siúl ann le cúpla bliain anois agus is níos measa atá rudaí ag fáil. Tá an chuid is mó den chogaíocht ar siúl i dtuaisceart na tíre. An fhad a bhí mise ann scaoileadh cúpla buama sa bpríomh chathair,



Thuas: Gall & Joel - Beirt do na gasúir a raibh Rosaleen ag obair leo

Colombo. Tá ionaid seiceála i ngach áit agus bhí sé de dhíleann ann cárta aitheantais a bheith ort i gconaí, nó bhí an seans ann gur isteach sa bpriosún a chuirfidh tú nó go raibh tú inann aitheantais a chruthú. Bhain mé go leor as an am a chaith mé i Sri Lanka, chuir mé aithne ar dhaoine álainn, thug sé léargas dom gur chóir dom a bheith an-bhuíoch as an méid atá agam. Is rud ar mhaith liom a dhéanamh arís agus mholainn do aon duine an sórt seo oibre a dhéanamh nó fiú cuairt a thabhairt ar Sri Lanka.

le
Rosaleen Ní Shúilleabháin.



ANTAIBHDHEARC na Gaillimhe
AMARCLANN náisiúnta na Gaillimhe



Cúrsa oiliúna atá sna Crosáin a thugann deis do dhaoine óga taithí a fháil ar na gnéithe éagsúla a bhaineann le saol na hamharclainne.
Is cúrsaí uair sa tseachtain ar feadh 30 seachtainí a bhíonn i gceist.
Déanann Na Crosáin freastal ar dhá aoisghrúpa
Dordán (11 - 15bl) agus Ardán (15 - 20bl).

eolas@antaibhdhearc.com Eolas & Áirithintí 091-563600 www.antaibhdhearc.com

Búistéara na nOileán

Leitir Móir,
Co. na Gaillimhe

Fón: 091-551216

Oscailt Máirt - Satharn

Feoil, Glasraí & Fataí

Gach rath ar an bhFéile



BARRY CARPENTRY

&

CONSTRUCTION

Conratheoir Tógála &
Siúinéireachta

Baile na Cille
Leitir Mealláin
Co. na Gaillimhe

Fón: 087-9695954

C2 Cláraithe

Ádh mór ar an bhFéile

Lettermullen Construction

CONRATHEOIR TÓGÁLA

Leitir Mealláin, Co. na Gaillimhe

Fón: 087-2214073

C2 & CBL Cláraithe

Go n-éirí go geall leis an Phléaráca